Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Aibreán 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0287(COD)**

**8084/1/19
REV 1 ADD 1**

**CODEC 842
JUSTCIV 99
CONSOM 127
DIGIT 70
AUDIO 57
DAPIX 126
DATAPROTECT 113**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

## Ráiteas ón Ríocht Aontaithe

Tacaímid le prionsabal an chomhchuibhithe i ndáil le leigheasanna faoin Treoir maidir le Díolachán Earraí agus an Treoir maidir le hÁbhar Digiteach. Mar sin féin, ba mhaith leis an Ríocht Aontaithe an léirmhíniú atá aici ar an Treoir maidir le Díolachán Earraí a shoiléiriú agus a léiriú fad a bhaineann sin le rialáil leigheasanna nach mbaineann go sonrach le dlí an tomhaltais.

Bíonn rochtain ag tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe ar leigheasanna neamhreachtúla (cásdlí ó na breithiúna agus leigheasanna 'cothromais') nach mbaineann go sonrach le dlí an tomhaltais, mar aon leis na leigheasanna reachtúla a tugadh isteach mar thoradh ar an Treoir maidir le Díolachán Earraí Tomhaltóra agus Ráthaíochta Gaolmhara (1999/44/CE). Ba thúisce leigheasanna neamhreachtúla na Ríochta Aontaithe ann ná na leigheasanna reachtúla a eascraíonn as an Treoir reatha. Tá feidhm tábhachtach acu mar chomhlánú ar na leigheasanna reachtúla.

Aithnímid go ndearnadh iarracht ghníomhach freastal a dhéanamh ar an méid sin i dtéacs na treorach, go háirithe maidir le hAithris 14 den Treoir maidir le Díolachán Earraí. Léiríonn na forálacha sin go mbeidh gnéithe den dlí náisiúnta ann a mbeidh an tsaoirse ag na Ballstáit iad a rialáil.

Is é tuairim na Ríochta Aontaithe maidir le leigheasanna neamhreachtúla ar gnéithe den dlí náisiúnta iad nach mbaineann go sonrach le dlí an tomhaltais, go bhfuil siad i gcomhréir le haidhmeanna na Treorach ach iad a bheith ar fáil i dteannta na leigheasanna reachtúla a cheanglaítear faoin Treoir seo. Ba mhian linn, mar sin, ár seasamh a fhorchoimeád a mhéid a bhaineann le rialáil leigheasanna neamhreachtúla nach mbaineann go sonrach le dlí an tomhaltais.